

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Scrúduithe an Dara Seimeastair 2000

An Dara Scrúdú i nDána

Tíreolaíocht – TI 215 Hidreolaíocht

ECTS: 5

An Dr. D. Ó Rathaille

An Dr. Kieran Hickey

An Dr. Máire Nic Amhlaidh

Am a cheadaítear: Trí huaire an chloig

Ceithre cheist le freagairt; dhá cheist as Roinn A agus dhá cheist as Roinn B
Úsáid leabhar freagraí ar leith do gach uile cheist

Roinn A

1. Déan trácht ar thábhacht an tionchair a bhíonn ag fásra ar fheidhmiú an timthrialla hidreolaíoch.
2. Déan cur síos ar na príomhfhachtóirí fisiceacha a bhíonn i gceist san ionsíothlúchán.
3. “Fiú tar éis triomaigh mhóir, beidh roinnt uisce i gcónaí in ithreacha i ndálaí nádúrtha”. An ráiteas seo a mheas trí thagairt do na príomhfhórsa atá i gceist.
4. Déan anailís ar na príomhbhealaí a ndéantar screamhuisce a stóráil.

Roinn B

5. Aimnigh na trí príomhghrúpaí carraigeacha a d’fhéadfadh a bheith incharstaithe.
6. “Is féidir a rá go bhfuil uaimheanna fréatacha ann agus uaimheanna uisce fáin (vadose) agus uaimheanna atá idir eatarthu i gceantair charstacha” An ráiteas seo a phlé ag tagairt do phróisis tuaslagtha uaimheanna.
7. Tabhair breac-chuntas ar na príomhchúiseanna a bhíonn le tuileadh i gceantair tuaithe.
8. Tá idir cúiseanna daonna agus cúiseanna nádúrtha le tuileadh i gcathair Chorcaigh. An abairt sin a mheas go criticiúil.